Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Samhain 2022
(OR. en)

7418/16

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0041(NLE)**

COEST 79
ELARG 30

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair lena mbunaítear comhpháirtíocht idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Tuircméanastáin, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cróite, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, na Rómáine, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh |

**CINNEADH (AE) 2016/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir tabhairt i gcrích,**
**thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát,**
**Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair**
**lena mbunaítear comhpháirtíocht idir na Comhphobail Eorpacha**
**agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Tuircméanastáin, den pháirt eile,**
**chun aontachas Phoblacht na Bulgáire,**
**Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cróite,**
**Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine,**
**na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, na Rómáine,**
**Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 91, 100(2) 207 agus 209, i gcomhar le pointe (a)(v) den dara fomhír d’Airteagal 218(6) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais 2003 Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice, agus go háirithe Airteagail 6(2) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais 2005 Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine, agus go háirithe Airteagail 6(2) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais 2011 Phoblacht na Cróite, agus go háirithe Airteagal 6(2) di,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

---

[1] Toiliú an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh ón gComhairle (AE) 2016/...[1*], síníodh an Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair lena mbunaítear comhpháirtíocht idir an Comhphobal Eorpach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Tuircméanastáin, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cróite, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, na Rómáine, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas a chur san áireamh ('an Prótacal'), faoi réir a thabhairt i gcrích.

(2) Tá tabhairt i gcrích an Phrótacail faoi réir nós imeachta ar leith a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

(3) Ba cheart an Prótacal a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 Cinneadh ón gComhairle (AE) 2016/... an ...maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstáit, Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair lena mbunaítear comhpháirtíocht idir an Comhphobal Eorpach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Tuircméanastáin, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cróite, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, na Rómáine, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh (IO L ...).

* IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir, dáta agus tagairt foilseacháin an chinnidh atá i ndoiciméad st7417/2016.

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair lena mbunaítear comhpháirtíocht idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Tuircméanastáin, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cróite, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, na Rómáine, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh a fhormheas thar ceann an Aontais agus a bhallstáit.

Tá téacs an Phrótacail i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Ainmneoidh Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a chumhachtaítear chun an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 4(1) den Phrótacal a thabhairt thar ceann an Aontais agus a Bhallstát[1].

[1] Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Phrótacail in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna déanamh ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*